Oide

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

# Muinín & Misneach

T1 2023/2024

Seisiún 2

CC BY NC

# Intinní Foghlama

Táimid ag foghlaim conas:


- tréithe i bhfoghlaimeoirí eiseamláireacha a aithint agus a fhorbairt
- **leas a bhaint as an léitheoireacht chun scileanna litearthachta na scoláirí a fhorbairt**
- an t-idirghníomhú cainte a chur chun cinn sa seomra ranga.

Oide

# Litearthacht i Scoileanna T1

## Cad is litearthacht ann?

Is éard atá i gceist sa litearthacht ná an cumas le bheith in ann na cineálacha éagsúla den chumarsáid a léamh, a thuiscint agus léirthuiscint chriticiúil a bheith againn dóibh, an teanga labhartha, téacs clóite, na meáin chraolta agus na meáin dhigiteacha ina measc. (R.O., 2023 & R.O., 2011)






# An Foghlaimeoir i Scoil T1

Cad iad na láidreachtaí maidir le scileanna litearthachta a bhíonn ag do scoláirí?

Cad iad na réimsí feabhais a aithníonn sibh maidir le scileanna litearthachta na scoláirí?

Cad iad na héagsúlachtaí ó thaobh scileanna litearthachta de atá le n-aithint i do sheomraí ranga féin?



# Sealbhú na Litearthachta

Is cuid lárnach de shealbhú teanga é sealbhú na litearthachta. De réir mar a théann an scoláire i dtaithí ar théacsanna éagsúla (téacsanna ilmhódacha san áireamh), tagann forbairt ar a scileanna litearthachta.

(Sonraíocht na Sraithe Sóisearaí)



# Cleachtas Ranga

- Míníonn an múinteoir é
- Aimsíonn an scoláire an t-eolas ó chomhscoláire
- Cuirtear ceist ar an múinteoir
- Cumann an scoláire míniú don fhocal/abairt

(Macaro & Erler, 2008)

# Cleachtas Ranga

Oide

Cé gur scil ghabhchumais í an léitheoireacht go bunúsach, ní hionann sin agus a rá nach mbíonn an scoláire gníomhach sa phróiseas. Bíonn scoláirí gníomhach sa phróiseas léitheoireachta. Bíonn sé/sí ag iarraidh ciall a bhaint as an téacs agus é/í i mbun léitheoireachta.

(Curaclam Bunscoile na Gaeilge, Treoirlínte do Mhúinteoirí)

# Réamh-mhachnamh an Mhúinteora

Oide


Cad atá ar eolas ag na scoláirí faoin ábhar seo?

Cad is cúis leis an léítheoireacht?

Cad iad na straitéisí léitheoireacha a theastaíonn ó scoláirí?

Cad iad na nathanna cainte a theastaíonn uathu chun an sliocht a thuiscint?

Cén gníomhachtaí a chabhróidh leo a bheith gníomhach sa léitheoireacht?



Teimpléad Pleanála Idirghníomhach T1

Aonad Foghlama: | Bliain: | Fad ama:

Réamhfhoghlaim:

Snáithe 1: Cumas Cumarsáide
Éisteacht
Roghnaigh Toradh Foghlama.
Léamh
Roghnaigh Toradh Foghlama.
Labhairt
Roghnaigh Toradh Foghlama.
Idirghníomhú cainte
Roghnaigh Toradh Foghlama.
Scríobh
Roghnaigh Toradh Foghlama.

Snáithe 2: Feasacht Teanga agus Chultúrtha
Roghnaigh Toradh Foghlama.

Snáithe 3: Féinfheasacht an Fhoghlaimeora
Roghnaigh Toradh Foghlama.

Téacs(anna) Litríochta / Téacsanna Tacúla / Acmhainní Breise:

Teanga agus litearthacht | Scileanna criticiúla agus cruthaitheacha
Tuiscintí cultúrtha | Forás pearsanta

Deiseanna Measúnaithe Foirmitheacha Féideartha: | Cur síos ar an bpríomhdheis mheasúnaithe:


Machnamh an Mhúinteora ar an Teagasc agus ar an bhFoghlaim:

www.jct.ie

JuniorCYCLE for teachers

# Próiseas na Léitheoireachta

- *Stór focal* saibhir agus ilchineálach a bhunú
- Próisis *fhóineolaíocha* a fhorbairt.
- Straitéisí tuisceana a chothaíonn inspreagadh agus sult sa léitheoireacht ionas go mbeidh *suim* ag scoláirí sa tasc
- Fócas ar *líofacht* léitheoireachta (CNCM, 2012).



# Raon Straitéisí Léitheoireachta

Oide

**Ag tuar**

- Ag nascadh
- Ag cruthú íomhánna

**Féin-cheistiú**


- Súil-thapaidh
- Spléachadh

**Ag athléamh**

- Ag léamh chun cinn
- Achoimre

(Curtha in oiriúint ó First Steps Reading)

# Dialann Léitheoireachta





Stór focal/Nathanna Cainte


Freagairt Phearsanta/Féin-mhachnamh

An líne/focal is fearr liom

Póstaeir: ‘Céad míle focal romhat’


Féinriar agus féinfheasacht a chothú



# Feasacht Teanga a chothú

Oide




Níor chuala mé an focal seo cheana.

D'airigh mé cheana é ach ní thuigim é.

Tá barúil agam céard is brí leis.

Tuigim an focal agus táim in ann sainmhíniú a thabhairt air.

codladh driúilicín

*Tá codladh driúilicín i mo chos*

aiteall

*Bhí sé fliuch ó mhaidin ach tá sé ina aiteall anois*

(Curtha in oiriúnt ó Beck & McKeown, 2004)

# Ag Saibhriú na Teanga

Tras-

trasna

Chuaigh mé **trasna** an bhóthair.

**Thrasnaigh** mé an bóthar.

Chuaigh an liathróid thar an **tras**nán.

Tháinig mé **trasna** ar an leabhar sin.

Ghearr sé **trasna** orm.

(Curtha in oiriúnt ó Hunt, 2013)

# Cleachtas Ranga: Straitéisí Léitheoireachta

Cad iad na straitéisí léitheoireachta a mbaineann Edel leas astu?

Cad iad na straitéisí léitheoireachta a mbaineann tú féin leas astu i do rang féin?

Píosa 1



Píosa 2

Edel Ní Arrachtáin
Coláiste de hÍde

# Ag Fiosrú Straitéisí Léitheoireachta chun an Litearthacht a chur chun cinn

Oide




genially

# Teagasc Foirm-Dhírithe


Cur chuige teagaisc agus foghlama chun aird scoláirí a dhíriú ar fhoirm na teanga le linn teagaisc ábharbhunaithe.

aimsir na mbriathra

inscne na n-ainmfhocal


struchtúr

comhréir abairte, séimhiú, urú srl



# Teagasc Foirm-Dhírithe Múnla CFCN

- Cuir i gcomhthéacs
- Feasacht
- Cleachtas
- Neamhspleáchas




(In oiriúnt ó Tedick & Lyster, 2020)

# Sampla de mhúnlú CFCN

Cuir i gComhthéacs - 'Gealt?’

**F**easacht:  Déantaraibhsiú ar réamhfhocail agu
s plé ar na rialacha a bhaineann leo.

**C**leachtas: ag tabhairt faoi deara na
réamhfhocail a théann le briathar.

**N**eamhspleáchas: Píosa nuachta
faoin eachtra ar an mbus (Fodey.com)

**Gealt?**
Áine Ní Ghlinn

Léim gealt in airde ar bhus a sé déag inné
Agus pitseámaí air- stríocaí liath is dearg orthu!
Shuigh sé síos in aice le fear a raibh babhlaer agus *briefcase* air!
Rug an créatúr greim an duine bháite ar a *briefcase*!
Trí shuíochán síos uaidh chrosáil bean a cosa!
Rug máthair greim an duine bháite ar a páiste!
Labhair an tiománaí le fear an *depot*!
Labhair fear an *depot* le lucht 999!
Fuair sé lucht dóiteáin ar dtús is d’fhiafraigh siadsan de
An raibh an ghealt i mbaol nó tré thine nó in airde ar chrann
- Ní raibh!
Bhris an fear dóiteáin an líne!
Ghlan an tiománaí sruth allais dá éadan!
‘A Chríost,’ a scread sé – de chogar ar eagla go gcloisfeadh
gealt na bpitseámaí é- ‘Cuir fios ar na *bloody* Gardaí!’



# Obair Ghrúpa: Múnla CFCN



1. Léigí an sliocht as 'Eoghainín na nÉan'
2. I ngrúpaí, cruthaígí tasc theagasc fhoirm-dhírithe baint úsáide as an múnla CFCN.(Tasc do ghrúpa ilchumais sa dara bliain)
3. An múnla a phlé leis an mórghrúpa

# Múnla CFCN - Eoghainín na nÉan

1. Comhthéacs


2.Feasacht

Múnla
CFCM
*Eoghainín na nÉan*

3. Cleachtas

4.Neamhspleáchas


Gníomhaíocht Mata Boird



Oide

# Ag Freastal ar Gach Scoláire sa Rang

Ag tarraingt ar bhur dtaithí féin, céard iad na straitéisí a úsáideann sibh ionas go mbeidh gach scoláire ábalta an leas is fearr a bhaint as píosa léitheoireachta?



# Teicneolaíocht ina Lámh Chúnta

Microsoft Immersive Reader/Read Aloud

Google Immersive Reader

Abair.ie

Teanglann.ie

Foclóir.ie

abair.ie


teanglann.ie

foclóir.ie

Immersive Reader

Oide

# MS Word Léamh Amach Os Ard



Oide

| | |
|---|---|
| **Ceann Scríbe**<br>**Cad é an ceann scríbe ar mhaith leat a bhaint amach?** | **Réaltacht**<br>**Cad í an réaltacht reatha i do chomhthéacs féin?** |
| **Oideolaíocht**<br>**Cad iad na hoideolaíochtaí a chabhródh leat?** | **Intinn**<br>**Cad atá ar intinn agat a dhéanamh chun do sprioc a bhaint amach?** |

# Oideolaíocht

## Cad iad na hoideolaíochtaí a chabhródh leat?

# Intinn

**Cad atá ar intinn agat a dhéanamh chun do sprioc a bhaint amach?**

# Súil Siar

Bhíomar ag foghlaim conas:

- leas a bhaint as an léitheoireacht chun scileanna litearthachta na scoláirí a fhorbairt.